CÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA

GA

Preasráiteas

Lucsamburg, 26 Meán Fómhair 2022

Caithfidh na Ballstáit dlús a chur leis an gcomhrac in aghaidh na hiascaireachta neamhdhleathaí

Tá an iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte ar cheann de na bagairtí is mó ar éiceachórais mhuirí, rud a bhaineann an bonn ó na hiarrachtaí atá ar siúl chun an t-iascach a bhainistiú go hinbhuanaithe. Tá bearta i bhfeidhm ag an Aontas Eorpach agus a Bhallstáit chun smacht a choinneáil ar an iascaireacht neamhdhleathach. Ach ós rud é nach bhfuil na seiceálacha agus na smachtbhannaí á gcur i bhfeidhm mar a chéile sna Ballstáit go léir, níl na bearta sin chomh héifeachtach agus ba chóir dóibh a bheith. Is í sin an chonclúid atá le baint as an tuarascáil speisialta a d'fhoilsigh Cúirt Iniúchóirí na hEorpa inniu. Molann na hiniúchóirí don Choimisiún Eorpach faireachán a dhéanamh ar na Ballstáit lena chinntiú go dtreisíonn siad a gcórais rialaithe chun allmhairiú táirgí ón iascach neamhdhleathach a chosc agus chun a áirithiú go gcuireann siad smachtbhannaí athchomhairleacha i bhfeidhm i gcoinne na hiascaireachta neamhdhleathaí in uiscí an Aontais agus níos faide i gcéin.

Tá an tAontas ar cheann de na gníomhaithe móra domhanda san iascach, i dtéarmaí a chabhlaigh iascaireachta (le thart ar 79 000 soitheach) agus mar an t-allmhaireoir is mó ar domhan de tháirgí iascaigh (34 % den trádáil dhomhanda iomlán). I gcomhréir leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe, bhí an tAontas Eorpach tiomanta do dheireadh a chur le hiascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte faoi 2020, ar sprioc é sin nach bhfuil comhlíonta. Ní leor ann féin dlíthiúlacht táirge a áirithiú, áfach, le bheith mar ráthaíocht go ndearnadh an táirge a fháil ar bhealach inbhuanaithe.

"Tá córais rialaithe i bhfeidhm ag an Aontas a fhágann go bhfuil sé níos deacra ag táirgí ón iascaireacht neamhdhleathach teacht chomh fada leis na tomhaltóirí," arsa Eva Lindström, an Comhalta den Chúirt a bhí i gceannas ar an iniúchadh. *"Ach in ainneoin na mbeart sin, tá na táirgí sin fós á riar ar shaoránaigh an Aontais. Ceann de na cúiseanna is mó atá leis sin ná nach bhfuil seiceálacha agus smachtbhannaí á gcur i bhfeidhm ar an gcaoi chéanna sna Ballstáit ar fad."*

In 2008, chuir an tAontas scéim deimhniúcháin gabhála ar bun mar ráthaíocht do dhlíthiúlacht na dtáirgí iascaigh a allmhairítear. De réir na n-iniúchóirí, bhí an scéim sin tar éis feabhas a chur ar inrianaitheacht agus tar éis an rialú ar allmhairí a athneartú. Ach ní mar a chéile a chuireann na Ballstáit ar fad na rialuithe sin i bhfeidhm. Is córas bunaithe ar pháipéar atá i scéim deimhniúcháin gabhála an Aontais, agus méadaíonn sé sin an baol go bhféadfadh calaois tarlú. Dar leis na

Is é is cuspóir don phreasráiteas seo ná príomhtheachtaireachtaí na Tuarascála speisialta ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa a chur in iúl. Tá an tuarascáil iomlán ar fáil ag eca.europa.eu.

ECA Press

12, rue Alcide De Gasperi – L-1615 Luxembourg

E: press@eca.europa.eu @EUAuditors eca.europa.eu

hiniúchóirí, bheadh bunachar sonraí leictreonach aonair ar leibhéal an Aontais i bhfad níos éifeachtaí. Go deimhin, tá córas TF uile-Eorpach forbartha ag an gCoimisiún Eorpach a chuidíonn le calaois a bhrath agus a chabhraíonn le huathoibriú a dhéanamh ar na rialuithe. Ach níl Ballstát ar bith á úsáid. Tá sé molta ag an gCoimisiún úsáid an chórais TF sin a dhéanamh éigeantach.

Nuair a mheasann an Coimisiún agus an Chomhairle go bhfuil easnamh éigin sna córais rialaithe atá i bhfeidhm i dtíortha lasmuigh den Aontas atá ag onnmhairiú táirgí iascaigh chuig an Aontas, is féidir leo dul i mbun gníomhaíochta trí 'chártaí buí' agus 'cártaí dearga' a eisiúint. Nuair a eisítear cárta dearg i leith tír lasmuigh den Aontas, caithfidh Ballstáit an Aontais gach allmhairiú de tháirgí iascaigh ó shoithí na tíre sin a dhiúltú. Fuair na hiniúchóirí amach go raibh an córas cártála úsáideach ó thaobh athchóiriú a spreagadh i bhformhór na dtíortha ar eisíodh cárta ina leith.
Is iad na Ballstáit atá freagrach as seiceáil a dhéanamh ar an ngníomhaíocht iascaireachta a dhéanann na cabhlaigh iascaireachta a bhfuil a mbrat féin ar foluain acu agus ar an ngníomhaíocht iascaireachta a dhéantar ina gcuid uiscí féin. Fuair na hiniúchóirí amach go mbraitear cásanna d'iascaireacht neamhdhleathach go minic trí sheiceálacha náisiúnta. Mar sin féin, tá ró-iascaireacht agus tearcthuairisciú ar ghabhálacha ag tarlú i gcónaí i gcuid de na Ballstáit mar gheall ar an rialú a dhéantar sna tíortha sin a bheith lag. Is é an míthuairisciú ar ghabhálacha an sárú is coitianta a dhéanann cabhlach iascaireachta an Aontais, agus ina dhiaidh sin tá iascaireacht i limistéir iata nó iascaireacht gan leithdháileadh cuótaí, agus trealamh neamhdhleathach a úsáid. Dar leis na hiniúchóirí, tá neart fianaise ann gur dúshlán atá i gceist leis an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír a fhorfheidhmiú agus go bhfuil aischur neamhdhleathach ar muir fós ar siúl. Fuair siad amach freisin i dtaobh tionscadail a fuair cistiú ón Aontas Eorpach a ndearna siad iniúchóireacht orthu, gur chuidigh siad leis an gcóras um rialú iascaigh a neartú.

Maidir leis an gcóras smachtbhannaí, thug na hiniúchóirí faoi deara gurb é an toradh a bhí ar fhormhór mór na sáruithe tromchúiseacha a braitheadh ná go ndearnadh imscrúdú nó ionchúiseamh a raibh smachtbhannaí tráthúla mar thoradh orthu. Ach léirigh an t-iniúchadh nach bhfuil machaire réidh ann ar fud an Aontais. Mar shampla, thug na hiniúchóirí faoi deara go raibh an mheánfhíneáil a forchuireadh as sárú comhchosúil ag dul ó thart ar €200 (an Chipir, an Liotuáin agus an Eastóin) go dtí níos mó ná €7 000 (an Spáinn). I gcuid de na Ballstáit, ní raibh na smachtbhannaí sách láidir le hiascairí a stopadh ón iascaireacht neamhdhleathach, mar nach raibh siad i gcomhréir leis an tairbhe eacnamaíoch a bhí le fáil as an sárú a dhéanamh. Mhol na hiniúchóirí gur cheart don Choimisiún oibriú ar bhealach chun córas smachtbhannaí athchomhairleach a bheith ann a chuirfí i bhfeidhm go haonfhoirmeach agus go héifeachtach. Mhol siad freisin go ndéanfaí cur i bhfeidhm an chórais pointí pionóis ar fud na mBallstát a chomhchuibhiú.

Tá Tuarascáil speisialta 20/2022: *'Gníomhaíocht an Aontais chun dul i ngleic le hiascaireacht neamhdhleathach – Tá córais rialaithe i bhfeidhm, ach tá siad lagaithe ag seiceálacha agus smachtbhannaí neamhchothroma ag na Ballstáit'* ar fáil ar shuíomh gréasáin CIE.

Teagmháil don phreas

Preasoifig CIE: press@eca.europa.eu

- Claudia Spiti: claudia.spiti@eca.europa.eu – Fón póca: (+352) 691 553 547
- Vincent Bourgeais: vincent.bourgeais@eca.europa.eu – Fón póca: (+352) 691 551 502
- Damijan Fišer: damijan.fiser@eca.europa.eu – Fón póca: (+352) 621 552 224